Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8663/23**

**COH 40**
**FIN 468**
**SOC 266**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Aibreán 2023 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7577/23 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Adapting cohesion policy rules to respond to COVID-19: Funds used more flexibly, but reflection needed on cohesion policy as a crisis response tool [Rialacha an bheartais comhtháthaithe a oiriúnú chun freagairt ar COVID-19: Cistí á n-úsáid ar bhealach níos solúbtha, ach ní foláir machnamh a dhéanamh ar an mbeartas comhtháthaithe mar uirlis freagartha ar ghéarchéimeanna]<br>– Conclúidí ón gComhairle (25.04.2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal '*Adapting cohesion policy rules to respond to COVID-19: Funds used more flexibly, but reflection needed on cohesion policy as a crisis response tool'* [Rialacha an bheartais comhtháthaithe a oiriúnú chun freagairt ar COVID-19: Cistí á n-úsáid ar bhealach níos solúbtha, ach ní foláir machnamh a dhéanamh ar an mbeartas comhtháthaithe mar uirlis freagartha ar ghéarchéimeanna], a d'fhormheas an Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) ag an 3945ú cruinniú a bhí aici an 25 Aibreán 2023.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, dar teideal '*Adapting cohesion policy rules to respond to COVID-19: Funds used more flexibly, but reflection needed on cohesion policy as a crisis response tool*' [Rialacha an bheartais comhtháthaithe a oiriúnú chun freagairt ar COVID-19: Cistí á n-úsáid ar bhealach níos solúbtha, ach ní foláir machnamh a dhéanamh ar an mbeartas comhtháthaithe mar uirlis freagartha ar ghéarchéimeanna]**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 2/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' feasta) agus na freagraí ón gCoimisiún Eorpach (dá ngairtear 'an Coimisiún' feasta) ar an Tuarascáil;

(2) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá na Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII agus CRII+) chomh maith le hacmhainní REACT-EU chun tionchar na paindéime a mhaolú, go háirithe ar FBManna, ar mhargadh an tsaothair agus ar na córais cúraim sláinte;

(3) MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an beartas comhtháthaithe maidir leis na cuspóirí fadtéarmacha don chomhtháthú eacnamaíoch sóisialta agus críochach a chothabháil, mar a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(4) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur measadh in iniúchadh na Cúirte ar chuir an Coimisiún rialacha an bheartais comhtháthaithe do 2014-2020 in oiriúint go maith trí CRII, CRII+ agus trí REACT-EU chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit maidir le cistí an bheartais comhtháthaithe a úsáid mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19;

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- Thug an tAontas freagairt go pras tar éis ráig mhór na paindéime in 2020 agus ghlac sé na rialacha go tapa maidir le tuilleadh solúbthachta faoin mbeartas comhtháthaithe le linn na paindéime (CRII agus CRII+), chomh maith leis na rialacha maidir le húsáid sholúbtha, inchoigeartaithe do riachtanais gach Ballstáit, de na hacmhainní breise ó REACT-EU;
- Thug an Coimisiún cúnamh tráthúil do na Ballstáit chun na bearta nua a tugadh isteach a chur chun feidhme, lena n-áirítear laghdú suntasach ar an am riachtanach chun leasuithe ar chláir a phróiseáil agus a fhormheas;
- Rinne an Coimisiún bearta chun cothromaíocht a bhaint amach idir na solúbthachtaí a cuireadh ar fáil d'úsáid na gcistí agus an gá atá le buiséad an Aontais a chosaint;
- De bharr na solúbthachtaí agus na n-acmhainní breise, rinne na Ballstáit cistiú a athleithdháileadh go suntasach ar chúram sláinte, ar thacaíocht ghnó agus ar fhostaíocht, ach, chomh maith leis sin, tháinig laghdú teoranta ar chistiú i dtreo infheistíochtaí in TFC, fuinneamh agus comhshaol, cuimsiú agus taighde agus nuálaíocht;
- Cé gur chuidigh an ráta méadaithe cómhaoinithe ón Aontas leis an ualach ar bhuiséid phoiblí náisiúnta a laghdú, chuir na hacmhainní breise ó REACT-EU atá le húsáid faoi dheireadh 2023, i measc tosca eile, leis na deacrachtaí caiteachais agus leis an ualach oibre riaracháin, agus le moilleanna ar thús na tréimhse 2021-2027;
- Tá an baol ann go bhféadfadh úsáid mhinic an bheartais comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna tionchar a imirt ar an bpríomhsprioc straitéiseach atá ag an mbeartas sin, is é sin comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta idir réigiúin Eorpacha a neartú;

(6) TAGANN SÍ leis an tuairim ón gCoimisiún sna freagraí uaidh maidir leis na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

- Thug na Ballstáit tús áite mar is ceart d'úsáid ionstraimí géarchéime agus téarnaimh chun a áirithiú gur cuireadh na hoibríochtaí a ndearnadh difear dóibh in oiriúint do na himthosca nua, nár cailleadh acmhainní a infheistíodh cheana agus gur chuidigh na Cistí le tionchar na paindéime ar chomhtháthú a theorannú;
- Ghlac na Ballstáit go forleathan le bunú 32 tháscaire neamhéigeantacha COVID-19, rud a chuidigh leis na húdaráis agus leis an gCoimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar úsáideadh cistiú an bheartais comhtháthaithe i gcomhthéacs na paindéime;

(7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Anailís a dhéanamh ar thionchar úsáid chistí an bheartais chomhtháthaithe chun freagairt do ghéarchéimeanna a tharla le déanaí ar chuspóirí fadtéarmacha an bheartais agus an anailís sin agus torthaí na Cúirte a chur san áireamh don mheastóireacht *ex post* 2014-2020, chomh maith leis an gcreat reachtach don bheartas comhtháthaithe tar éis 2027 a ullmhú, i gcás inarb iomchuí;
- Dlúthfhaireachán a dhéanamh ar ionsú REACT-EU chun tacaíocht a chur ar fáil lena ndíreofar ar thorthaí nuair is gá agus, sa chomhthéacs sin, cláir a bhfuil deacrachtaí caiteachais acu a shainaithint go tráthúil agus oibriú le húdaráis cláir na mBallstát chun acmhainneacht acmhainní REACT-EU a uasmhéadú.